

An Caisdeach Bán

Thug mé an ruaig údan ó mbullach na Cruaiche
Chugat anuas 'un an tSléibhe Bháin
Ar thuairisc mo chailín a d'fhág m'intinn buartha
Agus rinne sí gual dubh dhe mo chroí in mo lár;
D'at mo ghuaillí go snuich mo chluasa
Agus fuair mé fuagra glan géar ón mbás,
Is níl duine dhá gcuala mo scéal an uair sin
Nachar dhúirt go mba trua bocht an Caisdeach Bán.

Ar cheann an staighre tá plúr gach maighdean
'Sí siúd meidbreog an bhrollaigh bháin.
Is trua nach liom í gan buaibh ná punt léi,
Is í bheith gan chuntas liom ar láimh.
Dbéanfainn teach mór dhi ar shúil an bhóthair
Agus chuirfinn cóiste faoina clainn,
Is a chúilín ómra, dhá mblightheá bó dhom,
In do cheangal fómhair ní chuirfinn suím.

Nach aisteach an réasún le gur chuir tú i gcéill dom
Nach bhfásfadh an féar thríd an talamb aníos,
Nach ndéanfadh an ghealach solas d'Éirinn
Is nach lasfadh na réalta i dtús na boíche?
Níl brí ná spreaca i dteas na gréine
Is go snámha na béisc ar an muir gan braon;
Is go n-éirí na tuilte chomb hard leis na sléibhte,
Go deo ní thréigfidh mé grá mo chroí.

Agus bhí mé seal ag foghlaim Béarla,
Agus dúirt an chléir go mba mhaith mo chaint,
An fhad úd eile gan unsa céille,
Ach mar na béiníní faoi bharr na gcrann.
Amuigh san oíche gan foscadh ná dídean,
Agus sneachta dhá shíor-chur faoi íochtar gleann;
'Gus a chúilín donn-deas ar chaill mé na gráimh
leat,
Nár fhaighe tú na grástaí mura n-éalaí liom.

Bhí mé i gcoláiste go ham mo bhearrtha,
Agus ins an ardscoil ar feadh chúig mblian,
Go bhfuair mé oideachas agus combairle ón Eaglais
Ach faraoir craite bbris mé thríd,
Is rí-mbór m'fbaitíos roimh Rí na nGrásta!
Nach bhfuil sé i ndán go dtiocfad saor,
Mar is mó mo pheacaí ná leath Chruach Phádraig,
Mar gheall ar ghrá a thug mé d'iníon mbaoir.

Siúd í tharainn í an eala bhán-deas
Agus í chomb gléasta le bean ar bith.
Trua mar gineadh í i mbroinn a máthar,
Mar is le baghaidh mo bháis a rugadh í.
Níl bun cíbe ná tulán timpeall,
Ná gleanntán aoibhinn a mbíonn mo ghrá,
Nach bhfuil ceol dá sheinm ann de ló is d'oíche,
Is go bhfóire Críost ar an gCaisdeach Bán!

Aisling bhréagach a factbas aréir dhom,
Go raibh mé m'aonraic ar leaba chlúmbach,
Go dtáinig an spéir-bhean is gur shín sí taobh liom —
Ba deise féachaint agus leagan súl.
Bhí com míl cailce aici mar choinnill léimní,
A folt go féar léi ag fás go dlúth,
Bhí an bhráid ba gile aici ná an sneachta ar thaobh
cnoic —
'Sí bhásaigh mé agus na céata liom.

Aisling bhréagach a chonacthas aréir dhom
Agus gheir sí mé thrí lár mo shuain
Go raibh ainnirín chaoim-deas na gcíocha
cruinn-gheal
Sínte síos liom taobh ar thaobh.
Ar iontú tharam dhom go tapa lúfar,
'Un breith ar chúl uirthi bhí tanaí tréan,
Ní bhfuair mé agam ann ach binn don tsúsa,
Agus d'fhága sin brúite mé le mo shaol.

Máirtín Pheaitis a sholáthraigh

P. MAC AN RÍ TEO. CNOC, INDREABHÁN

Togha agus Rogha
Earraí agus Dea-Mhargaí



Go n-éirí go geal le 'Biseach'

Cath an Chnoic 1879

Bhí fómhar na bliana 1879 an-dona agus an barr íseal dá réir. Ba é seo an tríú bliain i ndiaidh a chéile don fhómhar a bheith go dona de bharr droch-aimsire. De réir an tseanfhocail bhí dhá rud nach raibh dul uathu: "cíos do thiarna nó bia do leanbh". Muna mbeadh an cíos don tiarna ní raibh an dara rogha ag daoine ach taobh an bhóthair a bheith acu.

Ar an deichiú lá de mhí na Nollag 1879 thug John Tully agus a mhac, Liam, aghaidh siar ar Chois Fharraige. Bhí próis is fiche ina phóca ag Tully le cur suas ar dhoirse na ndaoine bochta i gceantar an Chnoic. Fógra a bhí sa bpróis go gcuirfí an duine a bhí ainmnithe air as seilbh i gceann roinnt áirithe laethanta. Is cosúil nach raibh sean-Tully ag súil le trioblóid dá laighead — ní raibh in éindí leis ach beirt phóilíní. Cén chúis tuille phóilíní a bheith á chosaint agus muintir Chois Fharraige chomh cleachtach sin le ceird Tully leis na blianta fada! Is tuisce a chuirfeadh siad suas le bás ar thaobh an bhóthair ná masla a thabhairt don tiarna talún, an Coimíneach! Ach ba ghearr go mbeadh athrach poirt ann.

Pat Conneely

Ar an gCnoc a chuir Tully tús lena chuid oibre nuair a shín sé próis chuig gasúr óg le Pat Conneely. Ní tuisce an phróis sínte uaidh aige ná siúd thart ar chéad fhear a bhí i bhfolach taobh thiar de chnocán. Buaileadh sean-Tully agus na póilíní go dona agus stróiceadh na próiseanna. Rith mac Tully le cuid de na próiseanna. Bhí cuid de mhná na háite páirteach sa troid — stoca an t-arm a bhí ag bean amháin agus cloch thíos ann. Sea, bhí an buille buailte ach chaithfí íoc go daor as.

Gabhadh cuid de na fir ach bhí cuid eile acu a chuaigh ar a dteitheadh agus an tóir ina ndiaidh. Ar ndóigh bhí aithne mhaith ag Tully agus ag na póilíní ar an dream a bhí páirteach sa mbualadh.

Bhí fear bocht ina chónaí ar an gCnoc a dtugtaí Máirtín Ceannaí air. Nuair a tháinig na póilíní isteach chuige Oíche Nollag á cheistiú faoi na fir a bhí ar iarraidh thosaigh Máirtín ag béiceach os ard ag rá, "Ara, a Sháirsint, ní cheapann tú go raibh aon bhaint agamsa leis an troid."

Ní le teann faitís ná feirge a bhí Máirtín ag béiceach ach ag tabhairt rabhaidh do Stiofán a bhí ina chónaí ó thuaidh dó go raibh an tóir chuige agus gurbh fhearr dó na garrantaí thabhairt air féin. Tar éis scaithimh thug na fir a bhí ar a dteitheadh suas iad



Seán Ó Mainnín

féin agus tugadh os comhair na cúirte sa Spidéal iad i dtús mí Eanáir na bliana 1880. Cúpla lá ina dhiaidh sin bhí scéala sa bpáipéar go raibh Very Rev. Fr. Kilkenny, Uachtarán Choláiste Iarlatha ag déanamh eagarghuí ar son na bhfear. Dúradh go raibh Fr. Kilkenny ar saoire i dteach a uncail, an Canónach Ó Liatháin, Sagart Paróiste an Chnoic.* San eagrán céann den pháipéar bhí nóta eile ag bréagnú an ráitis sin.

An Ceathrú-sheisiún

Cuireadh siar an chúis go dtí Seisiún na Féile Pádraic den Cheathrú-sheisiún i nGaillimh i ndeireadh Mí Márta, 1880. Tháinig an Coimíneach, an tiarna talún, i láthair na cúirte. Thug sé cáilíocht mhaith ar na fir a bhí ar a dtrial agus dúirt sé gurbh é a thuairim nach é amháin go raibh sé ráite leo páirt a ghlacadh sa troid ach gur in aghaidh a dtola a bhí siad páirteach ann.

*Bhí Fr. Kilkenny ina sheiplíneach ar an gCnoc nuair a bhí sé ina shagart óg. Tá cailís ar a bhfuil a ainm i séipéal an Chnoic.

Céard eile a d'fhéadfadh an fear bocht a rá! Is fiú éisteacht leis an méid a mhionnaigh duine díobh siúd a tóigeadh, is é sin Liam Phádraic (Liam Clancy). Mhionnaigh sean-Tully ar Liam Phádraic gur bhuail sé go damáisteach i nGleann an Chnoic é agus tar éis é a bhualadh, gur chaith sé síos sa srutháinín é. "Trócaire go dtuga Dia dho m' anam," arsa Liam, "níor leag mé láimh air ach an oiread leis an té atá curtha ach scoilt mé a mhac le iarraidh de bhun gabáiste."

Nuair a bhí na fianaisí uilig tugtha mhol an giúire gan a bheith ró-dhian ar na fir. Nuair a bhí an breitheamh ag tabhairt a bhreithe, dúirt sé gur chuir sé san áireamh an méid a dúirt an giúire agus an tiarna talún. "Mar sin fhéin," ar sé, "ba fíor-dhroch-rud a rinne na fir. Rinne siad ionsaí ar an sean-fhear, Tully, agus bhí a chloigean agus a éadan chomh gearrtha sin go raibh sé i mbaol báis. Gearradh cloigeann an phóilín chomh maith. Ní bheadh dhá bhliain príosúin sách maith ag na fir seo. Ba mheasa fós an scéal nuair a tháinig slua acu le chéile chun an droch-ghníomh a dhéanamh".

Téarmaí Príosúin

Ansin ghearr an breitheamh téarmaí príosúin in éindí le daor-obair mar a leanas: Marcus Ó Conghaile (10 mí), Colm Ó Céide (8 mí), Seán Ó Fátharta (4 mhí), Peadar Ó Conghaile, Liam Clancy, agus Beartla Ó Cadhain (3 mhí an duine), Máirtín Ó Conghaile agus Mícheál Ó Féinne (6 mhí), agus Stiofán Ó Conghaile (2 mhí), In éindí leis sin cuireadh bannaí 2 bhliain ar gach aon duine acu. Ligeadh beirt saor, Seán Ó Cadhain agus Séamas Ó Flatharta (Larry), mar nach raibh mórán fianaise ina n-aghaidh.

Ní túisce an bhreith tugtha ná tháinig gobharnóir an Phríosúin, agus fórsa láidir póilíní leis, chun na príosúnaigh a thabhairt ó theach na cúirte trasna Droichead an Phríosúin go príosún na Gaillimhe mar a mbeadh orthu an chéad oíche a chaitheamh sul má d'aistreofaí iad go pé príosún a bhí i ndán dóibh. Bhí saol crua rompu — briseadh cloch, ocras, agus an tread mill.

Bhí cuid acu as a sláinte nuair a bhí a dtéarma thuas. In éindí le fir an Chnoic bhí na fir ón gCeathrú Rua a fuair téarmaí príosúin mar gheall ar achrann den chineál céanna. Lean slua mór dá gcairde agus dá ngaolta na príosúnaigh chomh fada le geata an phríosúin agus, mar a deir tuairisc an pháipéir, bhí caoineachán na mban ó Chonamara le cloisteáil go soiléir i measc na ndaoine eile a bhí á leanacht.

Seán Ó Mainnín,

An Leipreachán

Bhí leipreachán ann nuair amháin,
Bhí sé ina chónaí faoin gcrann.
Do labhair sé liom lá amháin,
Ón doras beag faoin gcrann.
Ó, céard a dúirt sé? Níl fhios a'm,
Ach bhí sé beag lena chaipín bán.
Ní maith leis arán ná bainne ná dán,
Ach is maith leis a bheith ina shuí sa sruthán.

*Pádraicín Phuirséal,
Lochán Beag,
Indreabbán.
(8 mbliana)*

Mo Chat

Bhí cat beag agam.
Agus bhí sé ina shuí,
Ach fuair sé bás
Agus é ina luí.

Bhí sé chomh deas sin
Agus é buí
Gur chuir mé sa talamh é
Agus é ina luí.
*Dara Ó Baoill,
Teach Mór,
Indreabbán.
(8 mbliana)*

An tÓl

Bíonn daoine ag ól
Ó mhaidin go hoíche,
Ní stopann siad ariamh
Go mbíonn siad caochta.
Ólann siad pórtar —
Ní ólann siad tae.
Ólann siad gach rud
Ach amháin caifé.
Bíonn siad ar meisce
'S bíonn siad ag ól,
Ní stopann siad ariamh.
Beidh siad faoi bhrón.
Is is cuma leo,
Ní stopann siad ariamh,
Go deo, deo, deo.

*Feargal Ó Béarra,
Both Chuanna,
(8 mbliana).*

ÉIGSE SCOILE

An Fharraige

Ag siúl dom cois na farraige,
Is an ghaoth ag séideadh aniar,
Bhí aoibhneas i mo chroí,
Agus luathacht i mo chois céim.

Bhí gaineamh garbh faoi mo chois
Agus gach uair a thógainn céim
Bhíodh lorg mo bhróga le feiceáil
Sa ngaineamh úr cois trá.

Shuí mé síos ar charraig,
Bhí faoileáin ag eitilt os mo chionn,
Bhí gach gráig a chuir siad astu
Le cloisteáil mar a bheadh macalla.

Bhí na héisc ag léimneach ins an uisce,
Ag lapaireacht le ríméad,
Is beag a cheap siad
Go raibh iascairí ar a dtóir.

Amach ar m'aghaidh bhí báidín
Ag dul soir le gaoith;
Ag cur is ag tarraingt an t-eangach
Agus ag guí go mbeadh ann scoil.

Inniu bhí an fharraige mar ghloine,
Bhí sí gorm faoi lonnradh na gréine,
Bhí na báid agus curachaí ag seol
Agus an radharc ag dul in áilleacht.

Ach ní mar sin a bhíonn i gcónaí:
Bíonn athrú uirthi, sa nGeimhreadh;
Bíonn a tonnta go fiáin feargach,
Ag briseadh agus ag leagann.

Is iomaí anam duine
Atá sa mhuir mhór,
Is iomaí máthair ag caoineadh,
Mar gur thug sí uathu athair nó mac.

*Stiofán Ó Donncha,
Cor na Rón,
Indreabbán.
(12 bhliain)*

Cois Farraige

Lá breá gréin
agus an ghrian ag taitneamh,
mé i mo sheasamh ag
iascaireacht cois fharraige,
bhí na tonnta féin ciúin,
agus na faoileáin ag scradach;
bhí na bric ag piocadh,
an dorú ag fáil ceangailte
i gcloch mór cruinn,
Níl aon iasc ann inniu,
a deirim liom fhéin.
Tá siad amuigh san doimhneach
agus i bhfad i gcéin.
Beidh mé anseo amárach le cúnamh Dé,
is meallfaidh mé an t-iasc le baoite mór bréan.
*Diarmuid Ó Flatbarta,
Baile an tSléibhe,
An Spidéal. (10 mbliana)*

An tEarrach

Nóinín, sabhzeirín, is caisearbhan buí,
Fásann siad go flúirseach in aice an tí.
Itheann beithígh iad cé gur trua,
Ach fásann cinn óga is fásann cinn nua.
Ins an Earrach a tharlaíonn sé seo,
Nuair nach dtagann aon sneachta nó sioc,
Ach an ghrian ag soilsiú go hard sa spéir,
Is mise 'mo shuí go sona sa bhféar.
Bíonn duilleoga glasa ar gach crann.
Tá gach seancheann imithe — buí agus donn —
Mar tá séasúr álainn nua anseo,
Agus 'sé an t-ainm atá air ná an tEarrach.
Bíonn fir ag obair go crua sa ngarraí
Ó mhaidin go hoíche ag cur na mbarraí.
Feiceann na gsúir blátha beaga buí
Is bailíonn siad cuid dá Mamaí.
'Sé an tEarrach an séasúr is deise sa mbliain,
Blátha, sceacha, féar, is crainn,
San Earrach álainn a d'fhás siad uilig,
'Sé an trua anois go bhfuil siad imithe.

*Niamh Ní Bbaoill,
An Teach Mór.
(11 Bhliain)*